**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009**

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

**DÉ MÁIRT, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 p.m. go dtí 4.30 p.m.**

**FREAGAIR**

**(A) Deich gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B) Ceithre cheist as ROINN 2 mar a leanas:**

**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an Áireamhháin a Úsáideadh:**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2**

# ROINN 1

**(100 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an Ceistpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra sa spás cuí.)

| | |
|---|---|
| WWW | |
| ÁSPC | |
| UMB (*ATM*) | |

**2.** Comhlánaigh an ghreille maidir le Teoiric X agus Teoiric Y ag McGregor faoin inspreagadh.

| **Creideann bainisteoirí Theoiric X** | **Creideann bainisteoirí Theoiric Y** |
|---|---|
| (i) nach maith le formhór na n-oibrithe obair | (i) gur maith le formhór na n-oibrithe obair |
| (ii) | (ii) |

**3.** Mínigh an téarma 'infheisteoir' agus tabhair **dhá** shampla d'infheisteoirí.

Míniú: ______________________________

______________________________

______________________________

Samplaí: (i) ______________________________

(ii) ______________________________

**4.** Liostaigh **trí** mhír ba cheart a bheith i Jabthuairisc.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**5.** Liosta de théarmaí gnó atá i gcolún 1. Liosta de mhínithe ar na téarmaí sin atá i gcolún 2.
**(Tá míniú amháin nach mbaineann le téarma ar bith.)**

| **Colún 1: Téarmaí** | **Colún 2: Mínithe** |
|---|---|
| 1. Leas Inárachais | A. An táille bhliantúil a íoctar ar árachas |
| 2. Árachas Dliteanas Fostóra | B. Ní mór don árachaí leas airgeadais a bheith aige/aici san earra faoi árachas. |
| 3. Préimh | C. Níl cead brabús a dhéanamh as éileamh árachais. |
| 4. Polasaí | D. Cuireann seo fostaithe faoi árachas agus iad ag obair. |
| 5. Slánaíocht | E. Úsáidtear é nuair nach bhfuil dóthain árachais ar mhaoin. |
| | F. Doiciméad conartha idir cuideachta árachais agus an t-árachaí. |

Meaitseáil an dá liosta. Cuir litir an mhínithe atá ceart, faoin uimhir chuí thíos.

| **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**6.** Mínigh an téarma 'saincheadú' agus tabhair sampla **amháin** de shaincheadúnas.

Sampla:

**7.** Cad is 'táirge domhanda' ann? Tabhair **dhá** shampla de tháirgí domhanda.

Is éard is táirge domhanda ann ná

Sampla 1:

Sampla 2:

**8.** Liostaigh **trí** bhac ar chumarsáid éifeachtach.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá i mballraíocht an AE do ghnó na hÉireann.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**10.** Mínigh an téarma 'rótharraingt bhainc'.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**11.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhreagracht atá ar ghnólachtaí maidir leis an timpeallacht.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**12**. Mínigh **dhá** cheann de na ceithre Thoisc Tháirgeachta seo a leanas:

Talamh Saothar Caipiteal Fiontraíocht

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**13.** Mínigh na téarmaí seo a leanas a mbaintear úsáid astu san Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980.

Ní mór d'earraí a bheith:

(i) de mhianach inmhargaidh:

______________________________

______________________________

______________________________

(ii) mar a dtuairisc:

______________________________

______________________________

______________________________

**14.** Cuir in iúl le tic (✓) cé na gnéithe **is mó** a bhainfeadh leis na próisis táirgeachta éagsúla.

| | **Jabtháirgeadh** | **Baisctháirgeadh** | **Olltáirgeadh** |
|---|---|---|---|
| Táirgtear earraí i ngrúpaí | | | |
| Táirgeadh leanúnach de tháirgí atá mar an gcéanna | | | |
| Táirgí sainiúla a dhéantar ar ordú | | | |

**15.** Liostaigh **trí** fhoinse smaointe nua gnó a bheadh ar fáil d'fhiontraí.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# ROINN 2

**(300 marc)**

**Freagair ceithre cheist as ROINN 2 mar a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**

# CUID 1

**DAOINE SA GHNÓ**

**CEIST 1**

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é:

*D'oibrigh Celine mar rúnaí le Táirgeadh J. B. ar feadh cúig bliana. Chuir sí in iúl dá bainisteoir le gairid go raibh sí torrach agus go mbeadh sí ag tógáil saoire mháithreachais. Chuir a bainisteoir in iúl di nach mbeadh seo inghlactha ag an ngnólacht agus chuir sé deireadh lena fostaíocht.*

**(A)** Faoin Acht um Dhífhostú Éagórach 1977/1993

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis (seachas a bheith torrach) le dífhostú **éagórach**. (15 mharc)

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le dífhostú **cóir**. (15 mharc)

**(iii)** Mínigh ceart **amháin** atá ag Celine faoin Acht. (15 mharc)

*Shocraigh Séamas a charr a dhíol go príobháideach. Chuir sé fógra i bpáipéar áitiúil. Chuir Tomás glaoch gutháin ar Shéamas agus tar éis a lán plé dúirt sé go dtiocfadh sé an lá dar gcionn chun an carr a cheannach. Níor tháinig Tomás chun an carr a cheannach, áfach.*

**(B)** **(i)** Luaigh agus mínigh **dhá** ghné de chonradh bailí. (15 mharc)

**(ii)** An bhfuil conradh idir Séamas agus Tomás? Mínigh do fhreagra. (15 mharc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## TIMPEALLACHT INTÍRE/ IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 2

Déan staidéar ar an eolas a thugtar san alt nuachtáin thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Glór Lártíre** **18 Meán Fómhair 2008**

**Tuilleadh post caillte i lár na tíre**

Tá an dífhostaíocht i ndán do dhá chéad ochtú oibrí i mBaile an Droma i lár na tíre tar éis don chuideachta thrasnáisiúnta Mheiriceánach Teltec a fhógairt go bhfuil siad chun a monarcha a dhúnadh an mhí seo chugainn. Tá na hoibrithe suaite ag an scéal agus tá díomá orthu faoi chinneadh na cuideachta a gcuid oibríochtaí a athlonnú sa tSín. Tá Teltec lonnaithe i mBaile an Droma ó 1995. Déanann siad páirteanna do ríomhairí agus rinne siad luach €3.5m a onnmhairiú in 2007. Dúirt polaiteoirí áitiúla inné go ndéanfadh an dúnadh damáiste do ghnólachtaí áitiúla agus do phobal Bhaile an Droma. D'iarr siad ar an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta bualadh leo chun an ghéarchéim a phlé.

**(A)** Sainaithin cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith le cinneadh Teltec lonnú i mBaile an Droma i 1995. (10 marc)

**(B)** Mínigh **trí** bhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith tugtha ag Teltec do pobal Bhaile an Droma ó 1995. (30 marc)

**(C)** Mínigh **dhá** shlí a bhféadfadh dúnadh Teltec dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí áitiúla Bhaile an Droma. (20 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith le cinneadh Teltec athlonnú sa tSín. (15 mharc)

**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT INTÍRE/ IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3

Freagair gach cuid den cheist seo:

**(A)**

| | |
|---|---|
| Onnmhairí Sofheicthe | € 1,138m |
| Allmhairí Sofheicthe | € 1,235m |

**(i)** Ón eolas thuas, ríomh **Comhardú na Trádála.** (Taispeáin do chuid oibrithe.)
**(ii)** Abair cé acu barrachas nó easnamh é. (15 mharc)

**(B)** Mínigh an téarma 'Comhardú na nÍocaíochtaí'. (10 marc)

**(C)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a mbíonn gnólachtaí Éireannacha ag plé leis an trádáil idirnáisiúnta.
**(ii)** Sainaithin **dhá** dhúshlán atá roimh ghnólachtaí Éireannacha atá ag plé leis an trádáil idirnáisiúnta. (30 marc)

**(D)** B'fhéidir go mbeadh an rialtas ag smaoineamh ar chánacha a ardú chun cabhrú leis an ngeilleagar. Bain úsáid as samplaí de chánacha, agus déan cur síos ar **dhá** shlí a rachadh ardú cánacha i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann. (20 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# CUID 2

| FIONTAR/ BAINISTÍOCHT |
|---|

**CEIST 4**

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é:

*Chuir Rang Idirbhliana mionchuideachta ar bun ar scoil. Bheartaigh siad cártaí beannachta a tháirgeadh agus iad maisithe le bláthanna fiáine tirime ón gceantar áitiúil. Adora Flora Tta an t-ainm a thug siad ar an mionchuideachta agus chreid siad go mbeadh sí rathúil.*
*Chuir fiontraí áitiúil agallamh ar na daltaí i gcomhair na bpost bainistíochta agus ceapadh Laura Ní Riain mar Stiúrthóir Bainistíochta. Mheas an fiontraí gur cheannaire daonlathach í Laura a bhí thar a bheith ábalta gníomhaíochtaí Adora Flora Tta a phleanáil agus a eagrú. Thug na daltaí síntiús €10 dá gcuid airgid féin chun caipiteal a chur ar fáil leis an gcuideachta a thosú. Shocraigh Laura, mar thús, ar anailís LLDB (SWOT) a dhéanamh ar an mionchuideachta agus ar an smaoineamh don táirge.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **trí** thréith /scil fiontraíochta atá ag na daltaí atá ag plé le Adora Flora Tta. (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thréith a bhíonn ag ceannaire daonlathach. (15 mharc)

**(C)** Mínigh an téarma anailís LLDB (SWOT). (20 marc)

**(D)** **(i)** Ainmnigh **dhá** chineál plean a úsáidtear sa ghnó.
**(ii)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le pleanáil gnó. (25 marc)

**(75 marc)**

| BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH |
|---|

**CEIST 5**

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é:

*Bhuail Seán Ó Broin, Cathaoirleach, agus Ruairí Ó Braonáin, Stiúrthóir Bainistíochta Cillbhé Tta le chéile chun cruinniú an Bhoird Stiúrthóirí a phleanáil. Phlé siad an cúlú sa gheilleagar, an tionchar a bhí aige ar dhíolacháin agus ar bhrabúis agus an fhéidearthacht go gcaithfí seachtain trí lá a thabhairt isteach.*
*Tá Seán Ó Broin ag smaoineamh ar fhoinsí fadtéarmacha airgeadais a úsáid chun deimhin a dhéanamh de thodhchaí na cuideachta.*

**(A)** Tá dliteanas teoranta ag Cillbhé Tta. Mínigh an téarma 'dliteanas teoranta'. (10 marc)

**(B)** Bain úsáid as dáta an lae inniu, agus dréachtaigh Fógra **agus** Clár do chruinniú an Bhoird Stiúrthóirí.
(Ní mór **cúig** mhír ar a laghad a bheith ar an Chlár). (25 marc)

**(C)** Mínigh an téarma 'miontuairiscí' cruinnithe. (10 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá le cruinnithe mar mhodh cumarsáide. (10 marc)

**(E)** Ainmnigh **dhá** fhoinse fhadtéarmacha airgeadais agus mínigh **ceann amháin** díobh. (20 marc)

**(75 marc)**

| NÁ DÉAN DEARMAD AN SCRÚDPHAIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR |
|---|

## CEIST 6

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é:

*Bhunaigh Séamas Ó Riain garáiste chun carranna a dhíol. Is trádálaí aonair é atá ag trádáil faoin ainm Carranna Shéamais Uí Riain. Sular bhunaigh sé an gnólacht rinne Séamas taighde ar an margadh. Bhain sé úsáid as modhanna taighde deisce agus taighde allamuigh. Chuaigh sé i dteagmháil freisin lena bhainisteoir bainc ag lorg iasachta.*

Baineann an t-eolas seo a leanas le díol carranna ar feadh tréimhse sé mhí:

| **Eanáir** | **Feabhra** | **Márta** | **Aibreán** | **Bealtaine** | **Meitheamh** |
|---|---|---|---|---|---|
| 50 | 40 | 35 | 30 | 35 | 40 |

**(A)** Taispeáin an t-eolas thuas i bhfoirm **barrachairt.** (10 marc)

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma 'Trádálaí Aonair'.
**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le bheith i do thrádálaí aonair. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le taighde margaidh a dhéanamh. (15 mharc)

**(D)** Mínigh na téarmaí seo a leanas agus sainaithin sampla **amháin** de gach ceann díobh:
**(i)** Taighde Allamuigh;
**(ii)** Taighde Deisce. (20 marc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhír eolais nach mór don bhainisteoir bainc a bheith aici/aige chun breithmheas a dhéanamh ar iarratas Shéamais ar iasacht. (15 mharc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN SCRÚDPHAIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## CEIST 7

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é:

*Tá Paula Ní Dhochartaigh ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Ní Dhochartaigh Tta a dhéanann raon táirgí a bhaineann le háilleacht agus le cúram craicinn. Díoltar na táirgí i sciamhlanna agus i siopaí poitigéireachta ar fud na tíre.*
*Tá raon nua de tháirgí cúram craicinn forbartha acu ag úsáid comhábhair nádúrtha faoin ainm branda* ***Craiceann Cneasta****.*
*Is mian le Paula táirgí* ***Craiceann Cneasta*** *a chur chun cinn ar fud na tíre.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **trí** bhuntáiste atá le hainm branda a úsáid. (15 mharc)

**(B)** Déan cur síos ar **thrí** mhodh a d'fhéadfadh Ní Dhochartaigh Tta a úsáid chun táirgí nua ***Craiceann Cneasta*** a chur chun cinn. (20 marc)

**(C)** Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil ó chuntais deiridh Ní Dhochartaigh Tta.

| | **2007** | **2008** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Díolacháin | 600,000 | 750,000 |
| Brabús Comhlán | 200,000 | 300,000 |
| Brabús Glan | 120,000 | 210,000 |

**(i)** Ríomh **Corrlach an Bhrabúis Chomhláin** sa bhliain 2007 agus 2008 agus déan trácht ar an treocht.
(Taispeáin an fhoirmle agus do chuid oibrithe go léir) (20 marc)

**(ii)** Ríomh **Corrlach an Bhrabúis Ghlain** sa bhliain 2007 agus 2008 agus déan trácht ar an treocht.
(Taispeáin an fhoirmle agus do chuid oibrithe go léir)
(20 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## CEIST 8

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é:

*Is feirmeoirí orgánacha iad Seán agus Máirtín Ó Coinne i gContae Chill Mhantáin. Soláthraíonn siad glasraí orgánacha agus feoil do na siopaí áitiúla, do bhialanna agus do bhúistéirí. Tá a ngnó ag leathnú agus creideann siad go bhféadfadh an–rath a bheith orthu ach na bealaí ceart dáileacháin agus polasaí oiriúnach praghsála a bheith acu.*

*Tá imní ar na deartháireacha faoin gcaoi a bhfuil a sreabhadh airgid agus tá fhios acu go bhfuil fadhb acu maidir le rialú creidmheasa. Tugann siad creidmheas 30 lá dá gcustaiméirí bunaithe ach tá roinnt dá gcustaiméirí nach n-íocann a gcuid billí in am.*

**(A)** **(i)** Mínigh an bhrí atá le 'Bealaí Dáileacháin'.
**(ii)** Léirigh, le cabhair léaráide, an bealach dáileacháin a úsáideann Seán agus Máirtín Ó Coinne.
(15 mharc)

**(B)** Tabhair breac chuntas ar **ceithre** thoisc a chuirfeadh Seán agus Máirtín san áireamh agus iad ag leagan síos praghas oiriúnach dá gcuid táirgí. (20 marc)

**(C)** Déan cur síos ar **dhá** mhodh a d'fhéadfaí a úsáid chun a gcóras Rialaithe Creidmheasa a fheabhsú. (20 marc)

**(D)** D'ullmhaigh Seán agus Máirtín Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid don tréimhse Iúil – Meán Fómhair 2008.

| **Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid: Iúil – Meán Fómhair 2008** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **2008** | **Iúil** | **Lúnasa** | **Meán Fómhair** |
| **A** | Iomlán na bhFáltas | 85,000 | 76,000 | 65,000 |
| **B** | Iomlán na nÍocaíochtaí | 74,000 | 86,000 | 75,000 |
| **C** | Airgead Glan (A – B) | 11,000 | (10,000) | (10,000) |
| **D** | Airgead Tosaigh | 5,000 | 16,000 | 6,000 |
| **E** | Airgead Deiridh | 16,000 | 6,000 | (4,000) |

**(i)** Tabhair breac chuntas ar **dhá** bhuntáiste a ghabhann le Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú.
**(ii)** Sainaithin **dhá** mhír a d'fhéadfaí a chur isteach i rannóg na nÍocaíochtaí den Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid.
(20 marc)
**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán